

DÁIL ÉIREANN

JOINT COMMITTEE ON THE IRISH LANGUAGE, THE GAELTACHT AND THE IRISH-SPEAKING COMMUNITY

COMHCHOISTE NA GAEILGE, NA GAELTACHTA AGUS PHOBAL LABHAR- THA NA GAEILGE

Déardaoin, 22 Iúil 2021

Thursday, 22 July 2021

Tháinig an Comhchoiste le chéile ag 12.30 p.m.

The Joint Committee met at 12.30 p.m.

Comhaltaí a bhí i láthair / Members present:

Teachtaí Dála / Deputies	Seanadóirí / Senators
Dara Calleary,	Lorraine Clifford-Lee.
Catherine Connolly,	
Joe McHugh.	

Teachta / Deputy Aengus Ó Snodaigh sa Chathaoir / in the Chair.

Seirbhísí Poiblí Dátheangacha: Seirbhís Thithe an Oireachtais

Chairman: Tá leithscéalta faighte againn ón Teachta Daly, ón Seanadóir Mullen agus ón Seanadóir Ó Donnghaile. Táimid chun plé a dhéanamh inniu ar shuíomh iomlán dátheangach a dhéanamh de Thithe an Oireachtais. Cuirim fáilte roimh na hionadaithe ar son Sheirbhís Thithe an Oireachtais: Peter Finnegan, Cléireach na Dála agus Ard-Rúnaí Sheirbhís Thithe an Oireachtais; Elaine Gunn, rúnaí cunta, rannóg na seirbhísí parlaiminteacha; Vivian Uíbh Eachach, an príomh-aistritheoir; agus Margaret Crawley, ceann an aonaid acmhainní daonna. Gabhaim buíochas leo as a bheith anseo linn inniu. Cuirim ar an taifead go bhfuil na finnétithe lonnaithe i Seomra na Dála le linn an chruinnithe seo.

Cuirim ar aird na bhfinnétithe go bhfuil siad, de bhua alt 17(2)(l) den Acht um Chlúmhilleadh 2009, faoi chosaint ag lánphribhléid maidir leis an bhfianaise a thugann siad don choiste seo chomh fada is atá siad lonnaithe sa seomra coiste féin. Má ordaíonn an comhchoiste dóibh, ámh, éirí as an bhfianaise a thabhairt i leith ní áirithe agus má leanann siad dá thabhairt, níl siad i dteideal dá éis sin ach pribhléid cáilithe i leith na fianaise acu. Ordaítear dóibh nach dtabharfar ach fianaise a bhaineann le hábhar na n-imeachtaí seo agus fiafraítear díobh cleachtadh parlaiminte a urramú nár chóir, más féidir, daoine nó eintiteas a cháineadh ná líomhaintí a dhéanamh ina n-aghaidh, ina ainm, ina hainm nó ina n-ainm nó ar shlí a bhféadfaí iad a aithint. Ba mhaith liom iad a chur ar an eolas go ndéanfar na ráitis tionscnaimh a chuir siad faoi bhráid an chomhchoiste a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an chomhchoiste tar éis an chruinnithe seo. Meabhraítear do chomhaltaí an cleachtadh parlaiminte atá ann le fada nár chóir dóibh tuairimí a thabhairt maidir le duine atá taobh amuigh de na Tithe nó le hoifigeach ina ainm nó ina hainm ar shlí a bhféadfaí iad a aithint.

Iarraim anois ar Chléireach na Dála agus Ard-Rúnaí Sheirbhís Thithe an Oireachtais, Peter Finnegan, labhairt.

Mr. Peter Finnegan: Is mian liom buíochas a ghabháil leis an gcomhchoiste as cuireadh a thabhairt dom freastal anseo inniu chun uasdátú a thabhairt do chomhaltaí maidir le soláthar seirbhísí Gaeilge agus dátheangacha i Seirbhís Thithe an Oireachtais. I mo theannta tá Elaine Gunn, rúnaí cunta, rannóg na seirbhísí parlaiminteacha; Vivian Uíbh Eachach, an príomh-aistritheoir; agus Margaret Crawley, ceann an aonaid acmhainní daonna.

An uair dheiridh a raibh cruinniú agam leis an gcomhchoiste, sa bhliain 2018, luaigh mé na príomhsheirbhísí a sholáthraítear trí mheán na Gaeilge i ndáil le doiciméid pharlaiminteacha, tiontuithé oifigiúla ar Achtanna, comharthaíocht, seirbhísí aistriúcháin chomhuainigh agus oiliúint Ghaeilge. Cuirim fáilte roimh an deis ag an gcruinniú seo inniu aird a dhíriú ar an dul chun cinn atá déanta ó shin. Ar an gcéad dul síos, táimid tar éis an rialachas inmheánach a bhaineann le soláthar seirbhísí Gaeilge a neartú. Sa phlean straitéiseach don tréimhse ó 2019 go dtí 2021, tá tiomantas ann ar gcumas a fheabhsú i ndáil leis an nGaeilge trí réimse gníomhartha faoi na trí cholún ríthábhachtacha seo a leanas: an straitéis ar a dtugtar “Rannóg 2024”, scéim na dteangacha oifigiúla, agus straitéis na Gaeilge.

Déanann grúpa stiúrtha faireachán ar an gcuspóir sin ar bhonn míosúil. Is iad cúraimí ghrúpa stiúrtha Rannóg 2024, a bhfuil Leas-Chléireach Dháil Éireann ina cathaoirleach air ag leibhéal rúnaí cunta, ná formhaoirsiú a dhéanamh ar chur i ngníomh na straitéise ar a dtugtar Rannóg 2024 agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn leis an scéim teanga agus le straitéis na Gaeilge. Tuairiscíonn an grúpa stiúrtha go díreach do bhord bainistíochta na seirbhíse ar bhonn ráithiúil. Tá an príomh-aistritheoir, ceann an aonaid acmhainní daonna agus eagarthóir

na ndíospóireachtaí ina gcomhaltaí den ghrúpa stiúrtha.

Tá tionscadal glanta riaráistí Rannóg 2024 ar siúl ó lár 2019 agus tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis na riaráistí ar na tiontuíthe oifigiúla ar Achtanna an Oireachtais a fhoilsíú faoin sprioc Iúil 2024. Faoin straitéis um chlaochlú digiteach, tá an mórthionscadal chun bogadh chuig Riar na hOibre digiteach do Dháil Éireann. Beidh sé sin dátheangach agus gréasánbhunaithe. Tá sé beagnach críochnaithe agus seolfar é i mbliana. Cuirfear tairseach Comhaltaí nua dhátheangach ar fáil an bhliain seo chugainn ar a dtabharfar “Áis-Linn”. Sa chéad céim, beidh Comhaltaí in ann Saincheisteanna Tráthúla agus Nithe i dTosach Suí de chuid an tSeanaid a chur isteach go leictreonach agus soláthrófar feidhmiúlacht féilire do Chomhaltaí sa dara céim.

Is ionann na hagaí comhlánaithe chun óráidí Gaeilge a thuairisciú i dTuairisc Oifigiúil na ndíospóireachtaí agus na spriocanna le haghaidh óráidí Béarla. Tá ceanteidil statacha na míreanna gnó sna díospóireachtaí dátheangach agus beidh an dátheangachas go hiomlán comhtháite nuair a gheofar an córas nua scríofa díospóireachtaí faoin gclár um chlaochlú digiteach. Foilsítear gluaiseanna na mBillí, ina bhfuil téarmaíocht Ghaeilge, do na Billí Rialtais go léir chun tacú le díospóireachtaí dátheangacha ar an reachtaíocht. Eisíodh 137 gluais go dtí seo.

Maidir le seirbhísí Gaeilge do na coistí, tá an trealamh is gá le haghaidh an aistriúcháin chomhuainigh ar fáil sna ceithre sheomra coiste anois. Tá tionscadal ar bun chun líon na mbothanna aistriúcháin chomhuainigh atá againn a dhúbailt sa bhliain atá romhainn amach agus ocht gcinn san iomlán a bheith ar fáil, agus fógrófar comórtas go luath chun foireann thiomnaithe ateangairí a earcú. Ag brath ar an earcaíocht, tá sé beartaithe againn seirbhís aistriúcháin chomhuainigh ghníomhach, is é sin, ateangaireacht sa dá threo, a fhorbairt. D’iarr an comhchoiste go ndéanfaí an fhorbairt sin ar an tseirbhís sa bhliain 2018. Ní foláir dom a aithint go raibh tionchar sealadach ag srianta Covid-19 ar sholáthar na seirbhíse sin do na seomraí coiste agus don Seanad agus gabhaim buíochas leis an gcomhchoiste as a dtuiscint a léiriú ina leith sin. Is féidir le comhaltaí a bheith cinnte de go ndéanfar an tseirbhís iomlán a atosú a luaithe is féidir, ag féachaint don chomhairle sláinte agus sábháilteachta a chuirfear orainn.

Tá dul chun cinn déanta maidir leis an earcaíocht dhátheangach. Tá méadú faoi dhó, beagnach, ó 28 go 54, tagtha ar líon na mball foirne atá in ann seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge ón mbliain 2018 i leith. Nuair a chuirtear an uimhir sin le líon na mball foirne aistriúcháin i rannóg an aistriúcháin, 22, is ionann é agus níos mó ná 13% den fhoireann iomlán. Mar gheall ar an dul chun cinn atá déanta, beimid in ann comhordú níos fearr a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí dátheangacha do na Comhaltaí tríd an rannóg um sheirbhísí do chomhaltaí.

Cuirimid foilseacháin phríomhúla ar fáil go dátheangach. Le déanaí, mar shampla, foilsíodh an prótacal d’fhinnéithe a láithrionn os comhair coistí agus an nóta treorach do chathaoirligh a nuashonraíodh tar éis chás Kerins. Maidir le cumarsáid agus rannpháirtíocht an phobail, tá na fógraí sna hardaitheoirí uile ar an gcampas dátheangach, tá na foilseacháin a bhaineann leis an gclár oideachais agus leis an gclár cuimhneacháin dátheangach agus tá an tseirbhís cláráithe cuairteoirí go hiomlán dátheangach. Cuirimid raon cúrsaí oiliúna ar fáil do Chomhaltaí agus do bhaill foirne, lena n-áirítear deiseanna foghlama ar líne. Sheol an tseirbhís leabharlann Ghaeilge, taise na leabhar, le haghaidh Comhaltaí agus baill foirne. Rinneamar síniú leictreonach dátheangach nua aonfhoirmeach a thabhairt isteach le haghaidh na mball foirne uile le déanaí agus tá sé ráite go sonrach ann go gcuirtear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge.

Tuigim go bhfuil spéis ar leith ag comhaltaí an chomhchoiste i gceist na hearcaíochta. Tá gealltanais againn i straitéis na Gaeilge 2021 go ndéanfaimid líon na mball foirne dátheangach

atá againn a mhéadú de réir a chéile. Tá an fhoireann acmhainní daonna ag obair go dian chun líon na mball foirne dátheangach a mhéadú agus aird ar leith acu ar na seirbhísí príomhúla. Agus comórtais earcaíochta á mbeartú ag an tseirbhís, leagaimid béim ar an ngá atá ann líon ball foirne dátheangach a earcú a bheidh leordhóthanach chun seirbhísí a chur ar fáil sa dá theanga oifigiúla. Tá tosaíocht á tabhairt do na réimsí ina ndéantar an teagmháil is mó le Comhaltáí agus leis an bpobal. Mar shampla, tá comórtas d’uiséirí parlaiminteacha á fhógairt ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí thar ár gceann faoi láthair agus tá sruth Gaeilge sa chomórtas sin. Tá dúshlán roimh an tseirbhís, sa mhargadh saothair reatha, baill foirne a earcú ag a bhfuil na scileanna a theastaíonn uainn le haghaidh cuid mhór de na ról speisialtóireachta i dTithe an Oireachtais, mar shampla, taighdeoirí dlí, geilleagraithe agus aistritheoirí.

Tá bearta déanta ag an tseirbhís chun faireachán ar ár gcuid oibleagáidí faoin scéim teanga a neartú. Déanaimid faireachán ar bhonn leanúnach ar an dul chun cinn. An tseachtain seo caite, rinne an bord bainistíochta breithniú ar thuarascáil chlabhsúir ar an scéim reatha le haghaidh na tréimhse ó 2018 go dtí 2021. Tá 93% de na gealltanais comhlíonta go hiomlán nó á gcomhlíonadh ar bhonn leanúnach. Tá tús curtha leis an obair ullmhúcháin le haghaidh na scéime teanga nua. Tá an próiseas comhairliúcháin tosaithe agus beidh an pobal, Comhaltáí agus an fhoireann páirteach ann. Cuirfear an dréacht-scéim faoi bhráid Choimisiún Thithe an Oireachtais níos déanaí i mbliana.

Le straitéis na Gaeilge, tacaítear lenár ngealltanas straitéiseach maidir le Parlaimint oscailte inrochtana a bheith ann. Is é cuspóir na straitéise an dátheangachas agus suim ghníomhach sa teanga a fhorbairt d’fhonn timpeallacht dhátheangach fheidhmiúil a chruthú san Oireachtas. Sheol an Ceann Comhairle an dara straitéis dár gcuid le déanaí, straitéis a bhfuil mar phríomhchuspóir léi cur leis an méid Gaeilge a úsáidtear sa dá Sheomra.

Tá áthas orm a chur in iúl don chomhchoiste go bhfuil béim mhór ar an dátheangachas inár ngníomhaíochtaí cumarsáide agus caidrimh phoiblí, mar a leanas. Reáchtálar cláir shubstaintiúla i gcomhair Vótáil 100 agus Dáil 100 agus tá pleananna againn chun comóradh a dhéanamh ar díospóireachtaí an chonartha i mbliana agus ar Seanad 100 an bhliain seo chugainn. Is go dátheangach a cuireadh i láthair na foilseacháin agus na taispeántáin go léir a cuireadh ar taispeáint i dTeach Laighean le haghaidh an dá chlár comórtha go dtí seo agus is mar sin a bheidh sna comórthaí amach anseo. Tá sé de chumas againn anois ceanteidil Ghaeilge a chur ar Oireachtas TV ach, mar gheall ar shrianta Covid-19, ní féidir é sin a chur i bhfeidhm go hiomlán go fóill.

Tá an t-ábhar statach ar *oireachtas.ie* agus ar shuíomh gréasáin chomóradh Dáil 100 dátheangach. Tá leathanach gréasáin rannóg an aistriúcháin beo agus tá na tiontuíthe oifigiúla is déanaí ar na hAchtanna le feiceáil air. Bogadh suíomh gréasáin *achtanna.ie* chuig timpeallacht scamail an Oireachtais mí ó shin agus déanfar uasghrádú mór ar an suíomh sin sna míonna atá romhainn amach. Tá sé i gceist againn é a athsheoladh níos déanaí i mbliana. Mar chuid dár gclár oideachais, is go dátheangach a dhéantar gach cumarsáid leis na scoileanna. Cuirimid seachtainí taithí oibre ar leith ar fáil do dhaltáí as ceantair Ghaeltachta agus Gaelscoileanna.

Tá a fhios agam go bhfuil tuarascáil chuimsitheach faighte le déanaí ag an gcomhchoiste ón tseirbhís maidir le dul chun cinn ar straitéise riaráistí Rannóg 2024. Glacaim leis go raibh deis ag na comhaltáí an tuarascáil a léamh agus díreoidh mé aird na gcomhaltáí ar chuid de na príomhphointí maidir leis an dul chun cinn a rinneadh le dhá bhliain anuas. Bhí 511 Acht riaráiste liostaithe sa bhreithiúnas ón Ard-Chúirt in 2019. Tá anailís déanta orthu sin go léir agus tá siad liostaithe de réir téama agus bliain an achtaithe. Tá uirlisí bainistithe tionscadail agus córais le haghaidh rianú agus tuairisciú i bhfeidhm. Bunaíodh dhá chreat sheachtracha

le haghaidh eagarthóireachta agus profléitheoireachta tar éis próisis tairisceana iomaíocha. As 511 Acht, tá 100% díobh aistrithe, tá 10% díobh foilsithe, tá 45% díobh ag céim na heagarthóireachta agus tá 45% díobh ag céim na profléitheoireachta.

Is gá an acmhainn a mhéadú, áfach, má táthar chun gach Acht riaráiste a fhoilsiú faoi lár na bliana 2024, mar atá beartaithe. Bhí deacrachtaí móra againn poist le haghaidh aistritheoirí agus ateangairí a líonadh. Is díomách an toradh a bhí ar chomórtais earcaíochta iomadúla. Ghéaraigh ar an iomaíocht le déanaí nuair a rinne institiúidí an AE cinneadh comhaltaí foirne a fhostú a bheadh lonnaithe in Éirinn. Aithníodh roinnt beart le déanaí chun an acmhainn a fheabhsú sna trí bliana atá romhainn amach. Scrúdófar iad sin ar leibhéal an bhoird bainistíochta gach ráithe.

Beidh ról lárnach ag teicneolaíocht an aistriúcháin maidir le tacú le hobair Rannóg an Aistriúcháin sna blianta atá romhainn. Tá dul chun cinn déanta i roinnt réimsí, mar a leanas. Tá na bogearraí nua aistriúcháin ag feidhmiú go hiomlán. Ghlacamar páirt i dtionscadail le comhpháirtithe in institiúidí an AE, in institiúidí tríú leibhéal agus i gcomhlachtaí comhlachaithe. Beimid ag méadú ár gcuimhne aistriúcháin trí fhasaigh Oireachtais a ghabháil go leictreonach. Beidh tástáil á déanamh againn den chéad uair ar an meaisín-aistriúchán. Táimid ag féachaint le bogearraí profléitheoireachta a úsáid i seiceálacha teicniúla ar phrofaí. Luaigh mé roimhe seo an clár um chlaochlú digiteach. Tá ról lárnach ag Rannóg an Aistriúcháin sa chlár sin agus tá páipéar á ullmhú ag an rannóg faoi láthair don bhord bainistíochta maidir leis an dátheangachas sa phróiseas sin.

Tá an tiomantas céanna ag an tseirbhís agus atá ag an gcomhchoiste maidir le cur chun cinn na Gaeilge agus an dátheangachas a fhorbairt tuilleadh sna Tithe agus sna coistí. Fáiltím roimh rannpháirtíocht na gcomhaltaí inniu agus táim ag tnúth lena bheith ag obair i gcomhar le chéile chun an cuspóir sin a chur chun cinn. Chun an t-athrú a bhrú ar aghaidh, ní mór roinnt coiníollacha a chomhlíonadh, mar a leanas. Ní mór an dátheangachas a chomhtháthú isteach sa straitéis eagraíochtúil. Ní mór an bhainistíocht shinsearach a bheith i gceannas ar an straitéis. Ní mór creat rialachais láidir a bheith mar bhonn taca leis an seachadadh agus ní mór tacaíocht a bheith ann don athrú ó phobal uile an Oireachtais, lena n-áirítear Comhaltaí na dTithe.

Mar Ard-Rúnaí, táim freagrach do Choimisiún Thithe an Oireachtais as ár bplean straitéiseach a sheachadadh. D'fheicfinn go mbeadh cuspóir na parlaiminte dátheangaí ina straitéis fhíorthábhachtach faoin gcéad phlean eile againn don tréimhse ó 2022 go dtí 2024. Soláthróidh grúpa stiúrtha Rannóg 2024, a thuiriscíonn don bhord bainistíochta, an cheannaireacht agus an rialachas is gá. Cé gur ról ar leithligh óna chéile atá againn maidir le seachadadh an dátheangachais a chinntiú, cuireann siad lena chéile freisin. Mar Ard-Rúnaí, tá freagracht reachtúil ormsa as foireann agus riaradh na seirbhíse a bhainistiú agus as an bplean straitéiseach a sheachadadh.

Cuirtear ar chumas an chomhchoiste, lena ról sna Buan-Orduithe, tacú le hathruithe agus athruithe a spreagadh i dtaca leis an tslí a seolann na Tithe a ngnó sa dá theanga oifigiúla. Beidh tábhacht faoi leith ag baint le tacaíocht ghníomhach na gComhaltaí don chuspóir maidir leis an Ghaeilge sa Teach faoin straitéis nua. Táim ar an eolas faoi éilimh ar athruithe bunaithe ar thaithí an chomhchoiste le déanaí le linn dó breithniú a dhéanamh ar Bhille na dTeanga-cha Oifigiúla (Leasú) 2019. Tá sé d'acmhainn ag an tseirbhís tacú le próiseáil dhátheangach na reachtaíochta trí Rannóg an Aistriúcháin agus trí Oifig na mBillí agus tá a fhios agam go ndearna an fhoireann sa dá oifig sin obair mhór ar Chéim an Choiste den Bille, mar a rinne comhaltaí an chomhchoiste. Mar sin féin, mar sheirbhís pharlaiminteach, níl na córais ná na próisis againn chun bainistiú a dhéanamh go dátheangach ar chéimeanna leasaitheacha na reachtaíochta laistigh de na gearr-agaí táirgiúlachta atá sna Buan-Orduithe. Is fíor an méid sin

ach go háirithe i gcás tréachur suntasach reachtaíochta eile a bheith ann go comhthreomhar, faoi mar a tharla le roinnt seachtainí anuas.

Tá sé follasach nach foláir an próiseas reachtach a áireamh in aon phlé a bheidh ar siúl maidir le parlaimint dhátheangach mar chuspóir straitéiseach. Pointe tosaigh luachmhar don phlé sin is ea taithí parlaimintí eile agus tá beartaithe agam, mar chuid dár bplean straitéiseach corparáideach nua, go ndéanfar staidéar comparáideach ar an dátheangachas i bparlaimintí eile a choimisiúnú.

Ar deireadh, gné thábhachtach eile de sheachadadh an athraithe is ea an cur chuige comhpháirtíochta le hOifig an Choimisinéara Teanga. I gcomhthéacs ár gcuinnithe leis an gcomhchoiste in 2018, d'iarramar ar an gCoimisinéir Teanga cur i láthair a thabhairt don bhord bainistíochta ar ár gcuid freagrachtaí mar chomhlacht earnála poiblí. Is luachmhar linn an treoraíocht a fhaighimid ón gCoimisinéir Teanga maidir leis an gcleachtas is fearr i ndáil le cur chun cinn an dátheangachais sa tseirbhís.

Gabhaim buíochas arís leis an gcomhchoiste as an gcuireadh inniu agus as an deis a thabhairt dom labhairt leis na comhaltaí faoin ábhar tábhachtach seo.

Deputy Catherine Connolly: Níor chuala mé an méid Gaeilge sin i ráiteas tosaigh le fada. Gabhaim buíochas le Cléireach na Dála as ucht an dua a chur sé air féin agus ar a fhoireann é a réiteach agus a léamh amach, go háirithe i gcomhthéacs an dá chruinniú eile a bhí againn inné nuair nach raibh focal Gaeilge le cloisteáil. Gabhaim buíochas as sin. Tá a fhios agam nach bhfuil sé éasca.

Tá cúpla ceist phraiticiúil agam. Tosóidh mé le ceist ghinearálta. Tá a fhios againn, agus tá sé ráite go mion minic agam, go bhfuil dea-thoil don Ghaeilge le mothú, le cloisteáil agus le feiceáil ar fud Thithe an Oireachtais. Táim ag caint faoi na Teachtaí, na Seanadóirí agus na daoine ar an talamh, na huiséirí, na maoir agus m'fhoireann féin san oifig san áireamh. Tiocfaidh mé ar ais maidir leis na ceisteanna sonracha má cheadaíonn an Cathaoirleach dom ach, ó thaithí an fhinné, cad iad na constaicí? Tá neart Gaeilge aige. Tá togha na Gaeilge aige agus ag daoine eile. Cad iad na constaicí atá ann atá ag cur in aghaidh úsáid na Gaeilge? Cén chaoi ar féidir linn é a éascú, an Ghaeilge atá ag daoine a úsáid, ó thaithí an Chléirigh agus a foirne atá anseo? Is ceist ghinearálta í.

Mr. Peter Finnegan: In terms of the obstacles, the first thing that strikes me about Irish is that we are starting from a low base, generally speaking. Deputy Connolly is correct in saying there is significant empathy and goodwill towards the language, but when you look at our starting point, we are starting at a low base. It will take time to develop that. In saying that, we can work in an efficient manner in terms of providing opportunities to people to use the language. I am one of these people who has a lot of love for the Irish language. I spoke it up to the leaving certificate. I lost much of it and I am trying to get back to it now. My own experience is to provide people with as many opportunities as possible and to encourage them and provide a supportive atmosphere towards the use of Irish. That is what I would like to do within the Oireachtas and what we are doing at present, for example, by our straitéis which we have published in recent weeks, to provide the facility for people to get back to Irish.

Deputy Catherine Connolly: Cuirfidh mé na ceisteanna anois. Sa chomhthéacs sin, tá a fhios agam gur ghlac duine i m'oifig páirt sna ranganna ar líne. Is maith an rud é go bhfuil siad ann ach tá níos mó ag teastáil. Ní raibh an caighdeán ró-ard. Bhí daoine le Gaeilge a bhí ag streachailt agus bhí daoine le Gaeilge a bhí ar leibhéal níos airde. Tá na ranganna sin ar líne

ar siúl i rith an lae nuair atá m'fhoireann agus foireann na dTeachtaí Dála eile an-ghnóthach. Tá a fhios agam ó na maoir ar an talamh nach bhfuil na deiseanna ann dóibh. Baineann mise úsáid i gcónaí as foireann an Tí agus déanann siad a ndícheall ach níl na deiseanna ann dóibh. Tá siad ag obair. Tá na ranganna ar siúl ag amanna míchuí agus is dócha go bhfuil tuilleadh le déanamh ansin chun daoine a mhealladh. Tá Peter Finnegan ag caint faoi chúrsaí earcaíochta amach anseo agus tá sé sin tábhachtach ach, ag an bpointe seo, is féidir linn i bhfad níos mó a dhéanamh, b'fhéidir ar bhonn píolótach nó mar thogra píolótach.

Tá mé ag breathnú ar dhaoine taobh amuigh den Teach agus tá an-mheas acu ar an nGaeilge agus níl deis dá laghad acu feabhas a chur uirthi. Is dócha nach bhfuilimid ag mealladh daoine i mbealach atá indéanta dóibh. Tá mé ag baint úsáid as m'oifig féin agus mo thaithí ar an talamh ag caint le daoine. Ba chóir go mbeadh níos mó ranganna ar siúl, ar bhonn píolótach ar feadh dhá bhliain mar go bhfuil géarchéim i gceist ó thaobh na teanga de. Tá gá le rudaí a dhéanamh ag an bpointe agus rudaí a dhéanamh atá níos fadradharcaí agus fadtarmaí. Sin moladh amháin atá agam: tuilleadh ranganna a chur ar siúl ón Mheán Fómhair ar aghaidh in amanna atá cuí don fhoireann uile ó bhun go barr. Ba cheart breathnú air sin agus breathnú ar iad a mhealladh agus rud a thabhairt dóibh. Níl aon toradh tar éis na ranganna seo. Feileann sé do dhaoine píosa comhrá a bheith acu agus níl mé ag caitheamh anuas air sin beag nó mór. Tá gá leis sin ach tá gá le rud níos dáiríre nó rud ar leibhéal eile freisin, laistigh de Thithe an Oireachtais.

Tiocfaidh mé ar ais go Vivian Uíbh Eachach maidir le cúrsaí aistriúcháin. Maidir leis na ceanteidil ar Oireachtas TV, dúirt Peter Finnegan go bhfuil sé sin ar intinn acu. Bhí sé ar cheann de na moltaí a bhí againn ar an gcoiste deireanach agus níl sé déanta fós. Tá a fhios agam go raibh fadhbanna le Covid-19 ach níl a fhios agam cén uair a bheidh na ceanteidil le feiceáil.

Is dócha go bhfuil deireadh le scéimeanna teanga anois agus ba chóir do na finnétithe a bheith ag breathnú ar an gcóras nua. An raibh aon idirghabháil acu leis an gCoimisinéir Teanga? Níl seisean ag brath ar na scéimeanna teanga. Tá deireadh leo i ndáiríre má leanaimid ar aghaidh leis an mBille nua. Ba chóir do na finnétithe a bheith ag díriú isteach ar an gcaighdeán a bheidh ann. Cad iad na céimeanna ar féidir a thógáil go réamhghníomhach?

Molaim na finnétithe as ucht an chláir oideachais agus na deiseanna a chuireann siad ar fáil do dhaltáí as ceantair Ghaeltachta agus Gaelscoileanna. Cén uair a bheidh sé sin ag tarlú arís? An bhfuil cinneadh déanta? Tiocfaidh mé ar ais go dtí an Rannóg 2024.

Ba cheart go mbeadh an Ghaeilge i bhfad níos feiceálaí. Tá athrú suntasach tagtha air agus molaim na finnétithe as ucht an dul chun cinn atá déanta ach tá feabhas le déanamh fós nó céimeanna eile ionas go mbeadh an Ghaeilge agus an dátheangachas go feiceálach i ngach áit, sa bhialann agus ar na comharthaí, mar shampla, agus chonaiceamar nach raibh sé sin le feiceáil ar na comharthaí. Ní raibh an locht ar na finnétithe; bhí sé ar an fheidhmeannach sláinte. Bhí na comharthaí i mBéarla amháin, agus feicimid fós iad in áiteanna ar fud an Tí. Tá bealach eile fós le taistil maidir leis sin agus sin rud praiticiúil, go mbeadh comharthaí dátheangacha i ngach áit.

Maidir le cúrsaí aistriúcháin agus rannóg 2024, an togra seo agus an tuarascáil, agus gabhaim buíochas as ucht na bhfigiúirí, tá bealach fada fós le déanamh. Tá dul chun cinn déanta. Tá 511 Achtanna agus tá 100% dóibh aistrithe anois ach tá próiseas eile. Níl ach 10% foilsithe. Tá céimeanna maidir leis an aistriúchán. An í sin an fhadhb nach bhfuil sé foirfe fós? An bhfuil orthu breathnú air sin? Is údar inní dom gur ghá an acmhainn a mhéadú, áfach, má táthar chun gach Acht riaráiste a fhoilsiú. Ní chuireann acmhainn isteach ar fhoilsiú na nAchtanna i mBéarla. Ní thuigim cén fáth a bhfuil sé ansin. Mar is eol don finné i bhfad níos mó ná mé féin, is í an Ghaeilge an teanga oifigiúil. Bhí ar an gcás cúirte breithiúnas a thabhairt chun dul chun cinn

a dhéanamh. Tá dul chun cinn déanta. An mbeidh siad go léir aistrithe roimh 2024? An bhfuil an rannóg chun an cuspóir sin a bhaint amach nó an bhfuiltear fós ag rá go mbraitheann sé ar acmhainn? Ní bheinn sásta leis sin beag ná mór. Cé mhéad aistritheoir atá ag an rannóg? An bhfuil folúntas ann? An bhfuil sé ag brath níos mó agus níos mó ar sheirbhísí ó thaobh amuigh den Teach? Ní bheinn sásta leis sin ach an oiread. B'fhéidir go dtabharfaí sé sonraí dom faoi sin.

Ag teacht ar ais go Peter Finnegan, tá Gaeilge álainn aige. B'fhéidir go n-úsáidfidh mé eisean mar shampla mar go bhfuil an fhadhb chéanna agamsa. Tá sé deacair Gaeilge a labhairt go poiblí agus an chéim sin a thógáil. Tá sé i bhfad níos éasca dul ar ais go dtí an Béarla. Tuigim é sin. Tá an-tuiscint agam air sin. Tá sé i bhfad níos éasca an Béarla a úsáid. Mar Theachta Dála, faigheann tú níos mó poiblíochta má labhraíonn tú trí Bhéarla. Tá dúshlán eile againn mar Theachtaí Dála. B'fhéidir nach bhfuil sé féaráilte dó ach an mbeadh sé sásta an dúshlán sin a ghlacadh? Cén fáth a ndeachaigh sé ar ais ar an mBéarla nuair atá neart Gaeilge aige? Tá mé á úsáid mar shampla.

Tá ról ceannaireachta againn go léir. Bíim ag gearáin ach ag an am céanna, tá ról agam rud a dhéanamh agus an Ghaeilge a úsáid, beag beann ar na botúin. Sin rud ginearálta. An féidir leis na finnétithe na rudaí eile a fhreagairt?

Mr. Peter Finnegan: Tá trí phointe ag an Teachta. Faoi na Teachtaí, one of the big challenges is to find the time in the week. The difficulty in the Oireachtas is the nature of the hours. That applies right across the board in terms of other classes as well. We will certainly look at it to see if we can find times that work best for people.

Deputy Catherine Connolly: Monday and Friday, is it?

Mr. Peter Finnegan: Monday and Friday, yes. They are the obvious ones. People are just too busy on Tuesday, Wednesday and Thursday. I know that from my own experience in trying to pursue language courses. We will look at that and try to come up with some suitable times for people.

On the captions ar an teilifís, I undertook to do that at the last meeting. We have installed the technology to facilitate the captioning. The second stage of the process is the recruitment of interpreters. We have two new interpreters starting in September. They will be able to translate material on a dynamic basis, so that captions are up to date. They will be working in the broadcasting unit. The issue at present is a health and safety issue in the broadcasting unit because of the confined space there. As soon as we get the green light from a health and safety point of view, we will be able to commence the captioning service. I hope, if things go well in terms of the public health situation, we will be starting the captioning service in the autumn.

On the arrears of the Act, the Deputy had various questions, and perhaps I should talk in that context about the staffing numbers in rannóg an aistriúcháin. We currently have 25 people. Three years ago, we had 24 people. To illustrate the extent of the challenge, over the past three years, we have run eight separate competitions to recruit staff in rannóg an aistriúcháin. Our net increase after all of that effort was one person. There is a big challenge in terms of recruiting people with the high standard of technical knowledge that can translate Acts.

We did our analysis of the Acts and we brought in PricewaterhouseCoopers, which I spoke about during my last appearance. Based on the metrics PricewaterhouseCoopers collected, its estimate was that rannóg needed 39 people to keep up with the current workload and to tackle

the arrears on hand. We are well off that. Three years in and eight recruitment competitions later, we are still 14 people or 50% off our targeted numbers in rannóg.

One of the big issues that is beginning to affect us is the establishment of the EU translation unit in Grange, County Meath. That was really brought home to me when I looked at the figures. Our entry grade is aistriitheoir grád 3. I rith Aibreán 2018, we had 48 duine who applied for the roles that were available. In our most recent competition for aistriitheoir, we had seven people. The difficulty we have at present is that we cannot match the terms and conditions of the EU institutions. There are very attractive salary levels for people going to work in the EU institutions. That is having a big impact on our recruitment.

What we have done is we have approached the Department of Public Expenditure and Reform about the salary scales. This week, we got sanction to start people higher up on the scale. What we can do is we can start them on the fifth point of the scale, which will be an increase of approximately €10,000 in the starting salary for somebody coming in at aistriitheoir grád 3. It is hoped that will help alleviate the problem somewhat. Going forward, the recruitment will be a big challenge for us. There is nothing we can do around that in the short term.

In terms of the progress of the Acts, the first year and a half of rannóg 2024 was about putting in place the foundations for tackling the arrears difficulties. We did significant analysis. We put in place an administrative team in rannóg an aistriúcháin. We put in place the project management team. We are now beginning to progress through the Acts. We are doing it at a slower pace than any of us would have wished. It will be a big challenge to reach the target we have set ourselves by 2024. We have to look to see how the recruitment thing plays out. If we can manage to recruit additional people by virtue of the higher salary rate, that will be an enormous assistance to us. We will have a better idea of that in about a year's time when we go back out to the market with higher salary levels. At that point it is possible to make a definitive assessment on how close we will come or how far off the 511 we will be, but it will be a big challenge. There is no doubt about that.

Deputy Catherine Connolly: Maidir leis an nGaeilge, an bhfeiceann Peter Finnegan pointe ag a mbeidh sé in ann idirghabháil a dhéanamh anseo trí Ghaeilge? Níl mé ach ag baint úsáid as. Bhí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe anseo inné agus bhí fear an t-am ag caint an t-am uile trí Bhéarla. Ag an am céanna, tá siad ag rá nach bhfuil an t-éileamh ach tá. Níl muid in ann leanúint ar aghaidh i nGaeilge mura gcomhlíonann an fhoireann-----

Mr. Peter Finnegan: Yes.

Deputy Catherine Connolly: Níl mé ag iarraidh a bheith pearsanta. Tá mé ag baint úsáid as. Sin an dúshlán.

Mr. Peter Finnegan: Tá mé ag iarraidh an Ghaeilge a labhairt anseo.

Mr. Vivian Uíbh Eachach: Freagróidh mé na pointí a bhí ag an Teachta Ní Chonghaile de réir mar a scríobhadh síos iad. Maidir le Peter a bheith ina eiseamláir dúinn ó thaobh bogadh ar ais i dtreo na Gaeilge, is dóigh liom go bhfuil taithí mhaith ag cuid mhór daoine sa tseirbhís ar an teanga agus go raibh, tráth den saol, Gaolainn mhaith comhrá acu. Is dóigh liom go gcaithfid a admháil go raibh córas i bhfeidhm leis na blianta fada nach raibh fáilte roimhe sin ann. Tá an comhchoiste an-láidir ar an bpointe sin. Is dóigh liom gur phointe é gur cheart é a rá go minic. Mar a luaigh Peter i dtús an phlé, táimid ag tosú ag pointe an-íseal ar fad.

Ní fhaca mé an cruinniú a bhí ag an gcoiste leis an Roinn sin, ach le fada an lá, níl taithí ag

daoine ar fháilte a bheith roimh an dátheangachas sa chóras oifigiúil. Baineann sé ní hé amháin le daoine atá ag obair sa chóras ach le daoine a bhíonn ag lorg seirbhísí ón gcóras. Is minic nach lorgaíonn daoine seirbhísí as Gaolainn toisc nach dóigh leo go gcuirfidh an córas ar fáil iad pé scéal é. Is dóigh liom gur shampla maith é Peter den saghas duine a bhfuilimid ag díriú air nó uirthi, is iad sin daoine atá an-bháil leis an teanga agus ar mhaith leis nó léi an teanga a athshealbú agus is iad sin na daoine, dar ndóigh, go dtosóimid leo. Tá céatadán ard de na daoine sin san eagraíocht cheana féin. Sin é an fáth a bhfuilimid ag díriú ar dheiseanna. Tá an-bhéim ar dheiseanna a bheith ag daoine athshealbhú a dhéanamh ar an nGaolainn agus ansin an teanga a úsáid agus ócáidí a bheith acu chun an teanga a úsáid agus cur leis an úsáid laethúil a bhaineann siad aisti.

Tá an pointe a luann an Teachta Ní Chonghaile maidir leis na ranganna fíorthábhachtach mar go bhfuil a fhios agam go bhfuil an t-aonad oiliúna dírithe go hiomlán ar pé saghas ranganna atá ag teastáil ó thaobh na Gaolainne de a chur ar fáil. Cuirfimid an méid atá ráite ag an Teachta Ní Chonghaile in iúl dó. I rith na mblianta agus mé ag caint le Teachtaí agus Seanadóirí agus leis an aonad oiliúna féin, d'éirigh sé soiléir, toisc gur pharlaimint é an tOireachtas agus go mbíonn na Comhaltaí gafa le coistí agus suíonna, nach mbíonn an t-am rialta ar fáil chun freastal ar ranganna. Is minic a chuala mé gur thosaigh an rang le líon áirithe daoine agus an tseachtain dár gcionn bhí sé laghdaithe agus laghdaithe arís toisc go raibh na daoine a bhí páirteach ann gafa le cúramaí nua mar Theachtaí nó mar Sheanadóirí.

Is dóigh liom gur b'fhéidir nár mhiste, agus bheinn sásta an moladh seo a dhéanamh leis an aonad oiliúna, go ndéanfaí suirbhé ar na Comhaltaí féin chun féachaint cén saghas ranganna a bheadh ag teastáil agus cén struchtúr a bheadh orthu agus foirm na foirne polaitiúla in aigne mar, dá bhfeabhas is atá an t-aonad oiliúna atá againn, bheadh sé tábhachtach go mbeadh na seirbhísí a chuireann sé ar fáil dírithe ar a bhfuil ag teastáil ag agus a oireann do na daoine a bheidh ag freastal ar na ranganna sin. Is dóigh liom gurb é an tsolúbhacht an rud is tabhachtaí ansin, is é sin, má tá tú ag freastal ar rang inniu ach go mbeidh tú gafa an lá seo an tseachtain seo chugainn, go mbeidh an rang céanna ar siúl am éigin eile mar rogha eile duit. Caithfidh sé sin gabháil le haon seirbhís a chuirfear ar fáil san Oireachtas.

Luaigh an Teachta Ní Chonghaile an timpeallacht ar champas an Oireachtais. Is rud é sin a tháinig chun cinn go mór ag an gcrúinniú deiridh a bhí againn leis an gcomhchoiste i mí Éanáir 2018, go raibh Teachtaí agus Seanadóirí ag tabhairt daoine isteach ar an gcampas chun cuairt a thabhairt ar na Tithe nó go raibh daoine ag teacht isteach chun finnise a thabhairt os comhair coiste, agus d'ainneoin go raibh Teachtaí ag cur in iúl do na daoine sin gur eagraíocht dhátheangach is ea an tOireachtas, nuair a tháinig siad isteach, ní fhaca siad ach Béarla. Ba cheann de na moltaí é a rinneadh an lá sin ná go mbeadh na teidil ar Oireachtas TV dhátheangach feasta. Ghlacamar leis an bpointe sin an uair sin.

Bheadh sé sin curtha i bhfeidhm murach ár gcara Covid-19. I dtús báire, b'éigean don aonad craolacháin an teicneolaíocht a aimsiú agus a roghnú. Rinneadh é sin agus bhí sé sin ullamh i dtreo dheireadh na bliana atá caite. Ní raibh ag teastáil ansin ach inchur foirne, is é sin go mbeadh daoine i láthair chun na teidil a eagrú as Béarla agus as Gaolainn agus go mbeadh an soláthar dhátheangach ar fáil ar bhonn beo. Toisc Covid-19 agus na srianta sábháilteachta agus sláinte, ní rabhamar ábalta, go praiticiúil, na daoine a chur síos go dtí stiúideo an aonaid craolúcháin sna cúinsí ina bhfuilimid. A luaithe is a bheidh deis ansin é sin a dhéanamh, is é sin an t-aon rud eile atá le déanamh chun go mbeidh Oireachtas TV dhátheangach ó thaobh teidil agus a leithéid de sin. Is dóigh liom go bhfuil sé sin tábhachtach.

Luaigh an Teachta an scéim nó caighdeán. Bhí plé againn mar gheall air sin, maidir leis an

scéim. Ó thaobh an mBille faoi láthair, chríochnaigh na comhaltaí ar Chéim an Choiste agus ní bheidh Céim na Tuarascála ann go dtí tar éis an tsamhraidh. Ní foláir dúinn feidhmiú ar bhonn na reachtaíochta mar atá sé. Faoi láthair, tá scéimeanna i gceist. Le cuidiú an chomhchoiste agus na gcomhaltaí i gcoitinne, beimid ag iarraidh díriú ar chuspóirí a bheith againn ansin gur furasta iad a aistriú mar chaighdeán seachas mar chuspóirí scéime. Beimid ag díriú air sin.

Mar a luaigh Peter Finnegan sa chaint aige, tá caidreamh an-mhaith againn leis an gCoimisinéir Teanga. Is rud é sin arís a d'eascair as an gcrúinniú deiridh a bhí againn leis an gcomhchoiste. Tar éis an chruinnithe sin, bheartaíomar gur cheart dúinn obair i gcomhair leis an gcoimisinéir chun go mbeadh treoraíocht agus comhairle aige dúinn agus go mbeimis ábalta teagmháil a dhéanamh leis chun a chomhairle a fháil maidir leis an dea-chleachtas ó thaobh an dátheangachais srl. Tá an-chaidreamh againn leis an gCoimisinéir Teanga. Eascaíonn sé sin as an gcrúinniú deiridh a bhí againn leis an gcomhchoiste.

Is dócha gurb é an cheist is achrannaí ná na riaráistí ar na hAchtanna. Ní dóigh liom go bhfuil aon slí dhearfach chun cur síos ar an áit ina bhfuilimid maidir leis sin, ach tá rud amháin deimhnithe agus is é sin go bhfuil an tseirbhís tiomanta an rud a chur ina cheart. Tá an próiseas tosnaíthe. Mar a mhínigh Cléireach na Dála ansin, is plean cúig bliana é. Caitheadh an chuid tosaigh den thréimhse pleana sin ar na struchtúir atá ag teastáil chun é seo a bhaint amach a chur *in situ*. Bhí obair mhór le déanamh chun an áit sa phróiseas aistriúcháin ina raibh gach ceann de na tiontaíthe a aimsiú agus plean a leagan amach. Faoi láthair, táimid ag 10%, mar a luaigh an Teachta Ní Chonghaile ansin, ó thaobh dul chun cinn a dhéanamh, ach os rud é go bhfuil an obair meáchan déanta cheana féin ó thaobh an struchtúir a chur le chéile, táimid ag súil anois go dtosóimid ag ardú an céadátán sin.

Mar a dúirt Cléireach na Dála, áfach, tá dúshlán ag baint leis. Ní féidir aon rud a dhéanamh gan acmhainní. Níl ag éirí linn lenár gcuid iarrachtaí earcaíochta a bhfuil go míabhrach go dtí seo. Nílimid ag lorg figiúirí ollmhóra sna gráid éagsúil atá againn, ach tá 39 nó 40 ceadaíthe don rannóg, agus má bhaineann tú an fhoireann riarcháin as, táimidimid gafa ag 21 nó mar sin maidir leis an bhfoireann aistriúcháin agus eagarthóireachta. Tá sé sin in aineoinn na hiarrachtaí móra atá déanta ag an aonad acmhainní daonna chun daoine a earcú dúinn.

Luaigh Peter Finnegan an iomaíocht atá ann anois ó thaobh na n-institiúidí Eorpacha de. Tá siad ag lorg an-chuid daoine agus tá ag éirí leo. Níl na comhaltaí ag cáineadh. Tá siad ag moladh as cé chomh éifeachtach is a bhí siad sa tionscadal sin a bhí le cur i gcrích acu. B'fhéidir go bhfuil cuid mhaith le foghlaim againn uathu. Tá solúbthacht acu nach mbíonn go minic sa chóras oifigiúil in Éirinn ach táimid ag bogadh air sin. Luaigh Cléireach na Dála an dul chun cinn atá déanta againn le cúpla lá anuas ó thaobh cead a bheith againn daoine a thosú ag leibhéal níos airde ar an bpá scála ná mar a bhíodh.

Pointe eile tábhachtach ansin, agus is rud é atá tar éis teacht chun cinn i lár éigeandála Covid-19, is ea an chianobair. Táimid go léir á dhéanamh anois. Tá Covid-19 tar éis a thaispeáint go n-oibríonn sé. Tá cead faighte againn ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an tseachtain seo chun a bheith níos solúbtha ó thaobh na sonraíochta poist a bheadh á dtairiscint againn d'iarrathóirí ar phoist sa rannóg. Más duine tusa atá i do chónaí i nGaeltacht na Gailimhe, Thír Chonaill nó Chíarraí agus nach dteastaíonn uait imeacht ó d'ait dúchais chun bheith ag obair le rannóg an aistriúcháin, tá na féidearthachtaí ann anois. Go dtí seo, b'éigean do dhaoine teacht go Baile Átha Cliath, dul san iomaíocht ó thaobh costas ard na cóiríochta agus tithíochta de, an cíós ar na hárasáin, an trácht agus na rudaí sin ar fad. Anois táimid ag súil le go mbeimid ábalta an rogha a thabhairt dóibh, is é sin go mbeadh struchtúr againn bunaithe ar an gcianobair agus go mbeadh daoine ina ndlúthchuid de rannóg an aistriúcháin ach iad a bheith

lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. B'fhéidir gur rud é sin a chabhróidh linn an difear atá ag teastáil a dhéanamh agus na daoine a aimsiú.

Go dtí go bhfaighimid dóthain daoine go himmheánach, níl aon dul as againn ach dul lasmuigh agus na hacmhainní sin a lorg lasmuigh. Má táimid chun an cuspóir a bhaint amach, beidh acmhainní ag teastáil. Caithfidh na hacmhainní sin a bheith laistigh den eagraíocht nó, mura féidir iad sin a aimsiú, lasmuigh. Tá conarthaí againn. Tá creat againn le heagarthóirí agus tá creat againn le profléitheoirí. Ait go leor, tá roinnt mhaith de na daoine sin lonnaithe sa Ghaeltacht toisc gur chreat é. Go bunúsach, níl dóthain de na hacmhainní sin ar fáil ach an oiread. Tá plean déanta amach againn idir seo agus deireadh na bliana luí isteach ar an earcaíocht chun daoine ag gach leibhéal sa rannóg a fháil isteach chun díriú ar an obair seo agus na hacmhainní seachtracha a mhéadú freisin. Teastaíonn uainn go mbainfimid é seo amach.

Is pointe maith é atá luaite ag an Teachta Ní Chonghaile nár cheart dúinn radharc a chailleadh air. Bíonn daoine i gcónaí ag rá go bhfuil na hacmhainní seo go léir ag teastáil chun an leagan Gaolainne a chur ar fáil ach tagann an leagan Béarla ar fáil go míorúilteach gan aon acmhainní. Is meon é sin a thagann chun cinn go minic sa cheist cé mhéad a chosnaíonn sé sin. Má deir tú go bhfuil seirbhís Gaolainne ar fáil, cé mhéad a chosnaíonn sé sin? Ní chuireann na daoine céanna an cheist chéanna mar gheall ar an tseirbhís Bhéarla. Glacann siad leis go gcuireann an tseirbhís Bhéarla í féin ar fáil.

Caithfidh a admháil go bhfuil acmhainní ag teastáil anseo chun a bhfuil le baint amach againn a thabhairt i gcrích. Beidh sé sin mar thosaíocht againn, idir seo agus deireadh na bliana, na hacmhainní sin a aimsiú chun na riaráistí seo a ghlanadh faoi dheireadh is faoi dheoidh.

Tá súil agam go bhfuair mé agus gur chládaigh mé na pointí agus na ceisteanna a bhí ag an Teachta Ní Chonghaile, ach má tá cinn eile ann, is féidir iad a chur chugam.

Deputy Dara Calleary: Gabhaim buíochas leis an gCléireach agus le gach ball d'fhoireann an Oireachtais as an obair atá déanta acu agus muid ag teacht go deireadh an tseisiúin dochreidte seo i gcomhthéacs stair an Oireachtais. Bhí dhá Oireachtas ann, anseo agus san Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath maidir le gach rud a bhí ar siúl faoi chúrsaí Covid-19. Tá a fhios agam go raibh deacrachtaí ann agus nach rabhamar go léir sásta leis an ionad comhdhála, ach gabhaim buíochas le gach duine ar an bhfoireann agus leis an gCléireach. Gabhaim buíochas freisin le foireann agus le cléireach an chomhchoiste seo. Táimid tar éis an-jab a dhéanamh le linn na bliana seo.

Rinneamar an-jab freisin ar Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) ach bhí moill ann mar gheall ar chúrsaí aistriúcháin anseo. Léiríonn sé sin an fhadhb a bhfuil againn le Bille atá chomh tábhachtach seo maidir le cúrsaí agus seasamh dlí na Gaeilge. Bhí sé suimiúil éisteach leis an bhfadhb mar a leagann ár bhfinnéithe amach í mar go mbímid ag caint faoi chúrsaí an Aontais Eorpaigh, AE, ach cén fáth go gcaithfidh fanacht bliain chun a fháil amach faoi seo? An é an cás nach dtuigeann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an fhadhb agus nach bhfuil an Roinn sin in ann teacht ar réiteach i bhfad níos tapúla, go háirithe i gcomhthéacs na bhfigiúirí atá leagtha amach ag na finnéithe faoi PwC agus, go háirithe, an comórtas i gContae na Mí i dtaca leis an AE? Nach féidir linn cás práinneach a dhéanamh faoi sin?

Le linn dom a bheith ag éisteach leis an Teachta Ní Chonghaile freisin agus mé ag smaoiniú faoi, is ceist chúrsaí muiníne í. Tá Gaeilge ag gach duine ach caithfidh an mhuinín agus an cuidiú a thabhairt chun é a úsáid. I mo thaithí féin, bhí Gaeilge agam go dtí an ardeisti-méireacht agus chaill mé í díreach tar éis an scrúdaithe sin. Níor bhain mé aon úsáid go dtí gur

tháinig mé go dtí an Teach seo. Chuir Raidió na Gaeltachta glaoch orm agallamh a dhéanamh agus bhí mé ag magadh nach raibh aon seans go mbeinn in ann é a dhéanamh ach chuidigh an stáisiún sin agus TG4 liom. Leis an gcuidiú sin tháinig an Ghaeilge agus an mhuintir ar ais. Is féidir linn cuidiú a thabhairt do dhaoine i ngach páirt den Teach seo. Más rud é go raibh suaitheantais á chaitheamh ag daoine á rá, “Tá Gaeilge agam; bain úsáid as”, nó mar sin de, bheadh a fhios againn ansin go raibh duine eile nó comhghleacaí sa Teach compordach le húsáid na Gaeilge agus a bhí in ann caint i nGaeilge. Sa chás sin, bhainfinn féin i bhfad níos mó úsáide as mo chuid Gaeilge. Ní bheinn ag iarraidh brú a chur ar dhuine sa chaoi sin an Ghaeilge a úsáid mar bheadh an tuiscint agam ansin go raibh Gaeilge ag an duine eile agus d’úsáidfinn í. B’fhéidir gur fiú scéim cosúil leis sin.

Maidir le háit chúrsaí an Standards In Public Office Commission, SIPO, an bhfuil aon tuairimí ag na finnétithe maidir le ceangal a dhéanamh idir an airgead atá ag dul go dtí na páirtithe polaitiúla agus na Teachtaí Dála, cosúil leis an gender quotas, agus an ceangal idir úsáid na Gaeilge i gcúrsaí polaitiúla agus eagraithe an pháirtí nó an Teachta? Is stick é sin ach b’fhéidir go gcaithfidimid an stick seo a úsáid chun spreagadh agus cuidiú leis an teanga.

Cá seasann an tOireachtas seo i gcomparáid le hoireachtais agus parlaimintí eile ina bhfuil dhá theanga ann i gcomhthéacs an airgid atá á chaitheamh againn san Oireachtas mar chéatadán den mhéid airgid agus den bhuiséad féin atá againn, líon na ndaoine atá ag obair anseo agus an chaighdeán? Tá sé léite amach go bhfuil caighdeán ard ag teastáil chun obair aistriúcháin a dhéanamh agus b’fhéidir go gcaithfidimid caighdeán nach bhfuil chomh hard sin a bheith againn ionas go mbeidh an duine in ann obair a dhéanamh chun an caighdeán sin a shroicheadh.

Cá seasaimid maidir leis an gcomparáid idirnáisiúnta idir parlaimintí na hEorpa, mar shampla, Parlaimint na hAlban agus Tionól Náisiúnta na Breataine Bige? Cá seasaimid freisin faoin gcaighdeán agus maidir le cúrsaí airgid?

Mr. Peter Finnegan: Gabhaim buíochas leis an Teachta. I will start with the financial side of things. I cannot give precise answers to the Deputy at the moment but I would hope to be able to do that on the next occasion that I appear before the committee because we intend to commission a comparative study of bilingualism. I have long felt that if we are serious about having a bilingual Parliament, it has to be designed into our processes. That is one of the difficulties that we had with Bille na dTeangacha Oifigiúla cúpla bliain ó shin. Our translation side was okay but the process side was a great challenge for us. It took us 55 hours to process all of the amendments due simply to process issues. If you have a bilingual parliament, you have worked out your processes and systems and can accommodate much more readily that type of thing. One of the things we now have to do is to look at the likes of the National Assembly for Wales, the Scottish Parliament, and look overseas to the Canadian Parliament and the Belgian Parliament and see how they operate bilingualism and use best practice from elsewhere to inform what we do within the Houses of the Oireachtas.

On the SIPO question, to the best of my knowledge there is no requirement there and that is obviously a policy matter. The rules regarding funding of political parties and the use of that funding are set out in legislation. It would obviously be open to the Minister responsible to insert a provision to encourage greater use of Irish rather than any sort of a stick. That is the approach I would take. Does Vivian wish to comment on any of this?

Mr. Vivian Uíbh Eachach: Tagróidh mé le roinnt pointí a luaigh an Teachta Calleary ansin. Maidir leis an mBille agus an mhoill a bhí leis, tá sé sin suimiúil agus baineann sé arís leis an gceist mar gheall ar an íomhá atá ag daoine faoin nGaeilge agus an dátheangachas. Bhí fadhb

againn den chéad uair an Bille a phróiseáil ar Chéim an Choiste toisc nach rabhamar in ann an próiseas aistriúcháin a chur i bhfeidhm ar an líon seo leasuithe in am. Maidir le Céim na Tuarascála, is é a mhalairt a bhí ann. Is é an t-ualach mór oibre a bhí ann, mar a bhíonn gach bliain, ar Oifig na mBillí i mí Iúil ba chúis leis sin seachas an t-aistriúchán mar go raibh an t-aistriúchán sin ullamh.

Léiríonn sé seo an pointe a bhí á dheanamh ag an gCléireach i dtús báire gurbh é an próiseas atá le scrúdú maidir le dul ar bhonn dátheangach mar, má tá spriocanna gearra ann, dian-spriocanna le haghaidh gach Céim agus le haghaidh leasuithe, ní chuidíonn sé sin leis an bpróiseáil dhátheangach. Is léir le scrúdú ar bith ar an líon leasuithe a bhíonn i gceist má bhíonn siad le próiseáil in dhá theanga gur cheart ar a laghad an t-am atá ar fáil a dhúbailt. Níl a fhios agam an mbeadh na Comhaltaí go leir sásta go n-athrófaí na spriocanna sin. Tá plé polaitiúla ag baint leis sin agus tá súil agam go bhfaighimid na freagraí ar roinnt de na ceisteanna sin sa staidéar comparáideach seo leis na parlaimintí dátheangacha. Tá parlaimintí eile a fheidhmíonn go hiomlán go dátheangach agus ní fál go haer nó rud dodhéanta é. Níl ann ach teacht ar an tslí a dhéantar an obair seo sna parlaimintí eile agus an cleachtas is fearr a roghnú agus a chur i bhfeidhm. Beidh córas againn ansin inar féidir an dátheangachas a phróiseáil mar ghnáthchuid den chóras seachas an dátheangachas agus an Ghaeilge a bheith mar rud breise a chothaíonn fadhb an t-am ar fad. Ní hé sin an dátheangachas. Táim ag súil go mór leis na freagraí ar na ceisteanna sin a fháil ó Quebec, an Eilvéis, an Bheilg agus ó na tíortha ina bhfuil an dátheangachas á fheidhmiú go hiomlán ina gcuid parlaimintí.

Luaigh an Teachta Calleary ansin comhartha a bheith ag daoine san Oireachtas chun go n-aithneois a chéile mar Ghaeilgeoirí. Tá a fhios agam go bhfuil roinnt daoine ann i saol na Gaeilge nach maith leo an smaoinemh sin, is é sin go gcaithfí comhartha a chur suas. Cloisim daoine chomh maith á rá gur cheart do Bhéarlóirí comhartha a chur suas agus nach bhfuil Gaeilge acu. Ghlacamar leis an moladh sin ag an gcruinniú deiridh a bhí againn leis an gcomhchoiste. Go príomha, cuireadh an smaoinemh chun cinn i measc na n-uiséirí agus bhí plé ina thaobh faoi cén saghas comhartha a bheadh ann nó an fáinne a bheadh i gceist? Is comhartha réamhdhéanta é an fáinne agus glacadh leis sin mar rogha. Sa deireadh socraíodh air sin. Bhíomar ag caint ar chomhartha Oireachtais a bheith againn agus nach gá go ndéarfadh sé gur Gaeilgeoir mé nó go bhfuil Gaeilge agam ach go ndéarfadh sé rud éigin oireachtasúil agus go n-aithneois a chéile ar an slí sin.

B'fhéidir gur cheart dúinn féachaint air sin arís féachaint an féidir linn comhartha ar leith a bheith againn san Oireachtas do dhaoine atá dátheangach agus gur mhaith leo an Ghaeilge a labhairt agus seirbhísí a thabhairt trí mheán na Gaeilge ansin.

Luaigh an Teachta Calleary caighdeáin Ghaeilge éagsúla a bheith ag daoine agus is pointe tábhachtach é sin ó thaobh Achtanna a aistriú agus iad a phróiseáil ar ardleibhéal nuair a bhíonn Gaeilge ardleibhéil oifigiúil ag teastáil. Ní bhíonn an leibhéal sin Gaeilge ag teastáil ó gach duine le haghaidh cúraimí éagsúla. Mar shampla, i Rannóg an Aistriúcháin féin tá an colún riaracháin againn anois chun an riarachán iomlán a dhéanamh, rud nach raibh againn go dtí le fiordhéanaí. Tá leibhéal arda cumais sa teanga ag na daoine sin ach ní aistritheoirí ná eagarthóirí iad. Is pointe dlisteanach é mar gheall ar na leibhéal éagsúla Ghaeilge a bheith ann, díreach mar a bhíonn leibhéal éagsúla Bhéarla ag teastáil ó dhaoine le haghaidh na cúraimí a bhíonn orthu siúd.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Táim fíorbhuíoch le Peter Finnegan as an iarracht a rinne sé lena ráiteas tosaigh agus bhí sé an-mhaith é a chloisteáil.

Aontaím le mo chomhghleacaí, an Teachta Calleary. Tá Gaeilge ag beagnach gach duine dinn sna Tithe seo agus caithfidimid daoine a mhealladh chun an méid Gaeilge atá acu a úsáid sna Tithe. Caithfidimid a bheith cruthaitheach sa tslí atá againn chun daoine a mhealladh isteach. B'fhéidir go bhfuil acmhainní breise ar fáil chun daoine a mhealladh isteach chun Gaeilge a úsáid agus b'fhéidir go mbeimid ábalta cúntóir rúnaíochta breise a thabhairt do gach aon Chomhalta a bheadh ábalta an Ghaeilge a úsáid sna Tithe i rith na ndíospóireachtaí go léir. Caithfidimid smaoineamh air anois mar tá dúshlán ollmhór againn faoi láthair.

Tá cúpla ceist agam. Cad é an difríocht idir an ráta pá d'aistritheoirí?

Mr. Peter Finnegan: Is the Senator inquiring about the difference between the different rates?

Senator Lorraine Clifford-Lee: Táim ag fiosrú faoin dream atá lonnaithe i gContae na Mí agus an dream atá lonnaithe sna Tithe.

Mr. Vivian Uíbh Eachach: Tabharfaidh mé freagra ar an gceist sin. Go dtí seo bhí an rud ar a dtugtar páirc chothrom imeartha ann idir an tOireachtas agus na hinstiúidí Eorpacha ó thaobh na hearcaíochta de. Cé go raibh tuarastail níos airde ar fáil san Eoraip agus liúntais ex-pat mar a thugtar orthu, b'éigean do dhuine dul thar lear go dtí an Bhruiséil nó Lucsamburg chun iad a fháil. Athraíonn an fiontar thíos i gContae na Mí an pháirc imeartha sin mar anois is féidir le duine post a fháil in Éirinn leis an tuarastal agus na liúntais sin a bheith aige nó aici. Bunaithe ar an eolas atá agam, tá trí ghrád i Rannóg an Aistriúcháin, an grád tosaigh: grád 3, grád 2 agus grád 1. Luamar ansin an pointe tosaigh airgid nó tuarastail a bhíonn ag daoine i ngrád 3. De réir mar a thuigim, bheadh daoine thíos i gContae na Mí ar leibhéal ard ghrád 2, is é sin bheidís beagnach ar ghrád 1. Rud a thógann na blianta ar dhuine a fháil i Rannóg an Aistriúcháin, d'fhéadfadh duine teacht isteach láithreach agus é sin a fháil. Níl mé ag cáineadh an Aontais Eorpaigh maidir le haon rud a deirim faoi. Tá an tAontas tar éis díriú ar a raibh le baint amach aige agus bhí sé solúbtha go leor chun é sin a dhéanamh. Is rud nua, mar shampla, go mbeadh aonad sa bhallstát agus is léiriú agus fianaise bhreise é sin go bhfuil an tAontas ag smaoineamh, mar a déarfá, lasmuigh den bhosca agus ag lorg roghanna nua chun na fadhbanna a réiteach. Nílím á cháineadh ach táim go mór in éad leis.

Senator Lorraine Clifford-Lee: An gceapann ár bhfinnéithe gur fiú scoláireacht a chur ar fáil do mhic léinn chun staidéar a dhéanamh ar aistriúchán chun cur leis na scileanna atá acu faoi láthair agus ina dhiaidh sin le post a ghlacadh anseo?

Mr. Peter Finnegan: There are a number of ways to tackle this. One of the ways as identified by the Senator is links to the third level institutions. Building those relationships with the Irish departments in universities across the country is something that we will have to work on going forward. Hopefully, those people will then come in on a short-term internships during the course of their studies. They may like what they see within the Houses of the Oireachtas and may look favourably on the Houses as a possible career.

The second thing which Mr. Uíbh Eachach touched upon during his earlier contribution is the opportunities that Covid-19 presents to us. I always felt that one of the things that we should be exploring is the possibility of a regional office or offices for Irish because there is a pool of talent in Gaeltacht areas in particular parts of the country, whether that is in Galway, Kerry or Donegal, where we could recruit staff and who would be interested in working for the Oireachtas if they are able to stay in their local areas.

In a sense, we have moved now beyond that with Covid-19 which has given us the opportunity for people to work remotely and all of the policy in Government and in the public sector is to encourage remote working. Going forward, that opens up very significant possibilities for us as an institution.

My concern originally with the regional offices was just to get a critical mass of people in one centre and I was thinking in terms of the office of an Coimisinéir Teanga in Spiddal where we might rent out some office space and there might be a critical mass there. We do not need to do that now as we have the technology and can run Microsoft Teams meetings with staff members. We have proven that we can operate very successfully remotely and there is no reason why that cannot be done on a long-term basis with Rannóg an Aistriúcháin.

Mr. Vivian Uíbh Eachach: Maidir leis an gceist shonrach sin ó thaobh daoine óga a mhealadh isteach an tríú leibhéal, tá sé sin beartaithe againn. Bhí fadhb againn le roinnt blianta anuas sa mhéid is go raibh scéim ar fáil ag na Comhaltaí chun daoine a thabhairt isteach ach ní raibh a leithéid de scéim ann le haghaidh na n-aonad gnó san eagraíocht. Tá a fhios agam maidir leis an Teachta Ó Cuív, atá laistiar dom ansin, gur mian leis i gcónaí go mbeadh daoine isteach ar thaithí oibre aige agus go gcuirfeadh sé trasna go dtí Rannóg an Aistriúcháin iad chun aithne a chur orainn agus bhí fonn ar roinnt acu a bhí ag déanamh staidéar ar an aistriúchán.

Tá méadú mór le deich mbliana anuas ar líon na gcúrsaí aistriúcháin atá ar fáil sna hinstiúidí tríú leibhéal agus is deis í sin dúinne aithne a chur ar na daoine sin go luath sa saol scoláireachta atá acu agus, más féidir in aon chor, iad a thabhairt isteach le haghaidh taithí oibre. Táimid ag obair go gníomhach ar phlean maidir leis sin a chur le chéile a luaithe agus a imeoidh Covid-19. Tá Covid ag cur bac ar an-chuid rudaí fóna atá le déanamh agus is é sin ceann acu.

Ba mhaith linn, b'fhéidir, an rud a leanúint níos faide fós. Tosaíonn daoine óga ag smaoineamh ar cad ba mhaith leo a dhéanamh sa saol atá rompu amach ó thaobh na hoibre agus gairme de roimh an tríú leibhéal, is é sin ar an meánscoil. Ní théann roinnt daoine ar an tríú leibhéal. Ba mhaith linn clár a bheith againn leis an aonad cumarsáide, an t-aonad a dhéanann an chumarsáid leanúnach leis na scoileanna a bhainistiú, le go mbeadh modúl ar leith ann do na mic léinn sna Gaelscoileanna, sna scoileanna Gaeltachta agus sna gnáth scoileanna a bhfuil suim ar leith acu sa Ghaeilge agus go mbeadh a fhios acu ar an gcéad dul síos go bhfuil a leithéid de rud ann, go bhfuil poist mar aistritheoir, go bhfuil Rannóg an Aistriúcháin ann agus gur rud fíor-spéisiúil é a bheith ag obair i bParlaimint do thíre agus na rudaí seo a chur in iúl go luath ina saol ar an meánscoil, deis a bheith acu teacht ar cuairt agus, b'fhéidir, tamall de thaithí oibre a dhéanamh. Is go luath sa phróiseas a bhíonn an teagmháil agus an teacht seo ar dhaoine ag teastáil chun an tuiscint a chothú. Tá sé cosúil leis an rud a bhí againn ó chianaibh nuair nach raibh coinne ag daoine seirbhísí i nGaeilge a bheith acu. Tá an rud céanna ann nach rithfeadh sé le daoine go mbeadh poist ar fáil sa státchóras ar bhonn an dátheangachais. Ba cheart é sin a chur in iúl dóibh chomh luath agus is féidir.

Senator Lorraine Clifford-Lee: An mbeidh an Rannóg sásta sprioc a leagan síos go mbeidh 5% den chaint sa Dáil agus sa Seanad in 2024 as Gaeilge agus go gcuirfean pleán le chéile chun an sprioc sin a bhaint amach idir anois agus deireadh na bliana? Ba mhaith liom an cheist sin a chur i gcomhthéacs áirithe, más féidir liom. Bíonn thart ar 12% den chaint i dTionól Náisiúnta na Breataine Bige i mBreatainis agus níl ach thart ar 0.5% den chaint sa Dáil i nGaeilge de réir anailíse a rinne *tuairisc.ie* roimhe seo.

Mr. Peter Finnegan: That is a very interesting question. One of the objectives of our straitéis na Gaeilge, ceann de na cuspóirí, is for Gaeilge sa Teach, that is to promote Irish in

the House. To achieve that, we have set up two committees or working groups to support the greater use of Irish in the Dáil and in the Seanad. I would love us to have a 5% target and, more importantly, to achieve that target in both Houses. We will be doing everything we can to support the achievement of that objective and we will work with the two working groups in each House to try to put in place whatever measures are needed to facilitate the achievement of that objective.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Uaireanta bíonn gá le spriocanna chun an aidhm a bhaint amach agus is maith an rud é go mbíonn spriocanna againn.

Mr. Vivian Uíbh Eachach: Mar a dúirt Peter ansin-----

Mr. Peter Finnegan: Targets can be good things because they provide one with a focus to achieve an objective and I will be very supportive of that.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Gabhaim buíochas.

Chairman: Gabh ar aghaidh, Vivian.

Mr. Vivian Uíbh Eachach: Is cuspóir é sin a bhfuil an Ceann Comhairle agus an Leas-Cheann Comhairle ag tacú go láidir leis. Is minic a bhímid féin ag féachaint ar na figiúirí sin maidir leis an aistriúchán comhuaineach agus a leithéid sin. Tá na figiúirí an-díomách. Baineann cuid mhaith di sin leis an struchtúr atá ar an lá oibre sa Seomra agus i ndeireadh an lae is faoi na Teachtaí Dála agus na Seanadóirí atá sé teacht ar réiteach air sin agus é a bhogadh ar aghaidh.

Chífinn ról an-mhór ag an gcomhchoiste anseo chun na Teachtaí Dála agus na Seanadóirí eile a thabhairt leis maidir leis an gceist seo. Tháinig mise isteach san eagraíocht seo na blianta ó shin agus bhíodar ag caint faoi sin agus faoi conas arbh fhéidir an figiúr a ardú ó 0.2% go dtí 1% agus, b'fhéidir, go dtí 2%.

I ndáiríre, mar a deir an Seanadóir Clifford-Lee, tá sé tábhachtach go mbeadh sprioc ann agus go mbeadh an córas ag cuidiú leis an sprioc sin a bhaint amach. Baineann sé sin, go bunúsach, leis an gcaoi a roinntear an t-am cainte. Tá a fhios againn go léir go mbíonn ar uairibh an-iomaíocht ann ó thaobh an ama cainte chéanna sa saol polaitiúil. Tá an freagra ansin sa mhéid sin agus tá deis anois ann dó. Tá an Ceann Comhairle agus an Leas-Cheann Comhairle ar a shon chun é seo a bhaint amach agus tá Cléireach na Dála ag éascú an chuspóra sin ó thaobh na seirbhísí de. B'fhéidir go bhfuil an t-am tagtha chun dul chun cinn suntasach a dhéanamh air sin agus an dea-shampla a thabhairt i Seomra na Dála agus i Seomra an tSeanaid féin ansin.

Deputy Joe McHugh: Fearaim fáilte roimh achan duine anseo inniu. Is léir go bhfuil ár bhfinnéithe iontach tiomanta agus réadúil fosta i dtaca leis an teanga agus tá struchtúr ann anois. Bhí na daoine uile a bhí anseo inné ag labhairt faoin todhchaí agus an leanúnachas maidir leis an teanga a fhoghlaim agus a athfhoghlaim. Tá an struchtúr ann. Gabhaim comhghairdeas faoi sin. Is léir go bhfuil na comharthaí i nGaeilge le feiceáil timpeall Theach Laighean agus an ionaid comhdhála agus tá sé sin de dhíth.

É sin ráite, tá na daoine ann anois a bhfuil an tsuim acu, foireann an Chléirigh féin, ach níl siad ábalta nó níl an mhúinín acu an Ghaeilge a labhairt. B'fhéidir go bhfuil tionchar suntasach de dhíth faoi sin. Táimid istigh de bharr Covid-19. Tá bearna ann. Níl na daoine uilig ag casadh ar a chéile nó níl na deiseanna ann fa choinne iad a bheith ag labhairt le chéile as Gaeilge. Cinnte, tá siad ábalta é sin a dhéanamh ar an Idirlíon ach ní sin an réiteach fa choinne na teanga.

Tá ceist amháin shimplí agam inniu. An bhfuil ár n-aíonna ag iarraidh a gcomhghleacaithe a bhfuil suim acu sa Ghaeilge dul go dtí an Ghaeltacht chun casadh leis na daoine sa Ghaeltacht, b'fhéidir i nGaillimh, i bPort Láirge, i gCiarraí, i nDún na nGall b'fhéidir fosta, i Maigh Eo, i mBaile Átha Cliath nó i nDún Dealgan? Tá níos mó áiteanna sa tír seo a bhfuil daoine ag labhairt Gaeilge ar na sráidbhailte. Bhí na gardaí ag dul go dtí an Ghaeltacht na blianta ó shin chun foghlama agus athfhoghlama. Cinnte, tá airgead i gceist i gcónaí ach níl mé ag lorg seic oscailte faoi sin ach is fa choinne na daoine gan Ghaeilge atáim. Tá féinmhuinín i gceist. B'fhéidir go mbeadh seans ann deiseanna a sholáthar dóibh dul go dtí an Ghaeltacht fa choinne cúpla lá nó seachtain. Bheadh taithí dhearfach ar fáil ansin agus d'fhéadfaí gurbh é sin an slat tomhais a bheadh ag an lucht foghlama nuair a thiocthadh siad ar ais.

Is é sin an réiteach. Ní hé ranganna an riachtanas iomlán fa choinne fhoghlaim na Gaeilge. Taithí dhearfach atá ag teastáil leis na daoine le Gaeilge agus atá ábalta an Ghaeilge a labhairt go nádúrtha, cibé iad na daoine i nGaillimh, i nDún na nGall, i gCiarraí nó in aon áit a bhféadfaí labhairt leis na daoine go nádúrtha. Nuair a bheadh na daoine seo ag streachailt, d'fhéadfadh siad labhairt i mBéarla agus cuidiú a iarraidh ar cén Ghaeilge atá ar an bhfocal sin nó cibé rud.

Ag filleadh ar an gceist shimplí amháin mar sin, an bhfuil ár bhfinnéithe ag iarraidh seans nó deiseanna dul go dtí an Ghaeltacht nuair a bheidh Covid-19 socraithe a thabhairt do na daoine a bhfuil suim acu sa Ghaeilge sna Tithe seo?

Mr. Peter Finnegan: Ba mhaith liom freagra a thabhairt ar an gceist sin. Cúpla bliain ó shin bhí plean againn dul do dtí an Ghaeltacht agus chuaigh an t-iarSheanadóir Pádraig Ó Céidigh liom. Bhí plean aige dul go dtí an Ghaeltacht agus bhí sé ar intinn ag naonúr dul go dtí an Ghaeltacht i gContae na Gaillimhe ach at the last-minute people had to pull out for one reason or another. We had it all set up and worked out with the National University of Ireland, Galway. We had the structure of the weekend and everything organised. It is something that I would definitely love to do once we are back operating normally and where people can go to the Gaeltacht again.

Deputy Joe McHugh: Níl ag labhairt faoi na polaiteoirí amháin atáim ach faoi na daoine uile atá ag obair sna Tithe.

Mr. Peter Finnegan: This was actually a mixed group-----

Deputy Joe McHugh: Tuigim.

Mr. Peter Finnegan: -----de pholaiteoirí agus den fhoireann.

Senator Lorraine Clifford-Lee: Is cuimhin liom an plean sin. Bhí an t-olltoghchán beag-nach orainn ag an am. Bhíomar go léir faoi bhrú. Ní rabhamar ábalta dul ann.

Chairman: Tá sé beagáinín cosúil le héalú ó chaisleán. Níor éalaigh na comhaltáí ar dtús ach d'éirigh leo sa deireadh thiar thall. Go n-éirí an t-ádh leo nuair a thosaíonn sé sin arís.

Deputy Joe McHugh: Beidh an Cathaoirleach freagrach as an bhfoireann agus an expedition.

Chairman: Beidh mise ag tochailt. Tá cúpla ceist agam féin. Tá sé go maith go bhfuiltear ag smaoinemh ar a leithéid de thuras chuig an nGaeltacht don fhoireann agus gur féidir le daoine nach bhfuil Gaeilge líofa acu a thuiscint gur féidir leo labhairt. Níl mé ag piocadh ar an Teachta McHugh ach, nuair a bhí sé mar Aire Stáit, bá eiseamláir é do a lán daoine a shíl go

raibh an Ghaeilge cailte acu. Bhí sé mar an gcéanna leis an Teachta Calleary. Cé go bhfuil an Ghaeilge agam agus go raibh sí á labhairt agam mo shaol ar fad, tá sé go maith do a lán daoine a shíleann go bhfuil an Ghaeilge cailte acu daoine cosúil leis na Teachtaí a fheiceáil, a bhfuilim ag piocadh orthu toisc go bhfuil siad ann, agus iad sásta tús a chur arís le foghlaim na Gaeilge agus í a úsáid ar gach ócáid. Ba chóir dúinn moladh do dhaoine nach bhfuil an Ghaeilge acu féachaint ar an gcur chuige a bhí ag na Teachtaí in ainneoin an tsaoil an-ghnóthaigh atá acu. Is é sin an príomhrud. Bhí an Teachta McHugh ina Aire Stáit agus bhí sé in ann teacht ar an nGaeilge a d'fhoghlaim sé ar scoil athuir agus ar an nGaeilge a raibh timpeall air. Bhí sé mar an gcéanna leis an Teachta Calleary. Tá sé go hiontach nuair a dhéanann daoine é sin. Ba chóir dúinn tréaslú leo. Uaireanta, ní thaitníonn daoine a bheith ina eiseamláirí ach is é sin atá ann.

Tacaím le roinnt de na tuairimí a léiríodh, go háirithe tuairim Vivian Uíbh Eachach ó thaobh deiseanna do dhaltaí san idirbhliain, idir iad atá sna Gaelcholáistí agus iad nach bhfuil. Bíonn daltaí de shíor ag lorg deiseanna chun seachtain a chaitheamh anseo nó ansiúd. Go minic, ní bhíonn an áit seo ró-oscailte do dhaltaí atá ag iarraidh teacht isteach anseo. Bíonn sé ceart go leor do scoláirí ollscoile ach, toisc an aois atá i gceist, níl sé ceart go leor do dhaltaí. Tá na fadhbanna ar eolas agam. Bíonn roinnt daoine atá sean go leor ag teacht isteach. Ba mhaith liom go mbeadh a fhios acu siúd atá sna coláistí Gaeilge ach go háirithe go bhfuil spás ann má tá aois ar leith sroichte acu.

Luaigh Vivian Uíbh Eachach nó duine éigin eile ócáidí chun an Ghaeilge a úsáid. Rinneamar cúpla iarracht ócáidí mar sin a eagrú roimh Covid. Bíonn ball de Chonradh na Gaeilge istigh sa coffee dock uair sa mhí. Ba chóir dúinn níos mó ócáidí mar sin a eagrú. B'fhéidir gur féidir bricfeasta a eagrú gach ráithe. Ba chóir go gcuirfimis leis an liosta. Ansin, tarlóidh rudaí go huathoibríoch. Tá, agus beidh, daoine ann atá ag foghlaim nó nach bhfuil Gaeilge líofa acu agus taitníonn leo í a chloisteáil in atmaisféar nach atmaisféar parlaiminte ná atmaisféar oibre é. Bhí ciorcal comhrá ag m'athair ar feadh 40 bliain i gClub Chonradh na Gaeilge. B'ócáid a bhí ann. Bhí daoine ag dul chun cupán tae nó pionta a bheith acu i gClub Chonradh na Gaeilge. Ní obair ná rang a bhí ann. Taitníonn sé sin le daoine uaireanta.

Ó thaobh fáinne an Oireachtais faoina raibh Vivian Uíbh Eachach ag labhairt, tá sé simplí go leor. Tá an fáinne ann agus tá sé aitheanta. D'fhéadfaí cruit an Oireachtais a chur i lár baille. Láithreach bonn, beidh aitheantas ann gur rud é seo atá á dhéanamh ag an Oireachtas agus go bhfuil stádas áirithe aige laistigh den Oireachtas. Measaim gurbh é an fáinne atá ann cheana féin ceann den dá rud a bhí inghlactha mar shuaitheantas istigh anseo. Bhí cead ag daoine an fáinne agus an pioneer pin a chaitheamh. Tá sé sin ar fad imithe mar riail anois ach tá aitheantas ann dóibh.

Tá ceist agam faoi na riaráistí. Ón méid atá ráite, tuigim go bhfuil trí cinn le críochnú gach uile sheachtain idir seo agus lár 2024. Tá jab mór ann. Aithnímid é sin, agus measaim go n-aithníonn an pobal i gcoitinne é, ach níl foighne againn a thuilleadh. Tuigim an fhadhb earcaíochta atá ann. An bhfuil sanction ann an fhoireann a mhéadú go 39? Tá 24 ball foirne ann faoi láthair. Bhí David Cagney ag labhairt linn inné agus síleann sé go mbeidh an fhadhb réitithe anois toisc go bhfuil líon dóthanach aistritheoirí ag an Aontas Eorpach anois. Dá réir, má tá daoine ag dul le bheith ina n-aistritheoirí, beidh na folúntais ar fáil san Oireachtas. Is é sin an freagra a tugadh dúinn inné. Níor shíl David Cagney go mbeidh fadhb ann amach anseo toisc go raibh an tAontas Eorpach gar do bheith lán agus go mbeidh folúntais ann anseo.

Cad eile a bhí ar mo agenda? Ó thaobh fadhbanna eile, tá athruithe ag tarlú maidir leis an bhfógraíocht ach tá roinnt fógraíocht seanbhunaithe i dTithe an Oireachtais ar a bhfuil an Béarla ar barr agus an Ghaeilge in italics, go háirithe i Leinster House 2000. Táim ag caint faoi na

fógraí do na hardaitheoirí agus na fógraí lasmuigh de na seomraí. Chomh maith leis sin, téann fógraí sealadacha nua suas uaireanta. Toisc Covid, cuireadh a lán comharthaí suas. Nílím ag piocadh ar aon oifig. D’fhéadfainn iad a liostáil ach ní bheadh sé sin cothrom orthu mar tá siad ag déanamh a ndícheall. Caithfidh siad a thuiscint gur gá le comharthaíocht a bheith dátheangach agus go bhfuil seirbhís aistriúcháin ann. I gcomparáid le comhlachtaí eile, ní gá dár n-oifigigh dul rófhada chun aistriúchán a fháil ar 20 nó 100 focal. Ba chóir dár gcóras tuiscint go gcaithfear é sin a dhéanamh agus, más féidir, díriú isteach ar roinnt de na fógraí atá fós ann. Táimid ag cur ina luí ar na húdarais áitiúla go gcaithfidh siad athrú a dhéanamh ar na comharthaí bóithre chun nach mbeadh an Ghaeilge i gcló nó font difriúil nó in italics ach tá sé sin ag tarlú anseo. Is féidir liom samplaí a roinnt leis na finnéithe nuair atá an cruinniú den choiste críochnaithe. B’fhiú é sin a dhéanamh.

Luadh ceist na craoltóireachta. Tuigim an rud ó thaobh na dteideal ach tá fadhb eile ann. B’fhéidir go mbeifear ag déileáil leis nuair a thosóimid leis an ateangaireacht. Nuair a bhíonn tú ag féachaint ar dhíospóireachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh ar an teilifís, is féidir casadh go dtí pé teanga is mian leat. Bíonn tú in ann ateangaireacht a fháil go dtí pé teanga atá uait má tá duine ag labhairt as Fraincis, mar shampla. Anseo, má tá tú ag éisteacht le duine atá ag labhairt as Gaeilge, níl fotheidil Béarla ar fáil agus ní féidir rochtain a fháil ar an ateangaireacht in ainneoin go bhfuil duine ann á déanamh beo. B’fhéidir gur rud é nár smaoinigh aon duine air ach, má táimid ag dul i dtreo na hateangaireachta, tá deis ann bogadh sa treo sin. Measaim go dtarlaíonn sé i gcoistí eile.

Maidir leis an gcoiste féin, tá leigheas na faidhbe ann. Táim ag caint faoi fhoireann an choiste agus foireann Teach Laighean i gcoitinne. Níl a fhios agam an bhfuil duine le Gaeilge ag obair sa phreasoifig a thuilleadh.

Mr. Peter Finnegan: Tá Verona Ní Bhroinn ann. Tá Gaeilge líofa aici.

Chairman: Tá aithne agam uirthi. Ó thaobh an choiste féin, bhí fadhbanna againn duine a fhostú toisc rialacha difriúla. Níl na Ranna sásta daoine ag leibhéal áirithe a scaoileadh ar bhonn sealadach. Is féidir leo bogadh go buan ach ní poist bhuana a bhíonn i gceist anseo go minic. Cothaíonn sé sin fadhbanna dúinne ó thaobh an lín chléireach. Cad é an teideal oifigiúil ar an bpost sin? Comhairleoir beartais is ea é, gabhaim bhuíochas, agus bhí duine díobh le bheith againn. D’imigh an comhairleoir beartais deireanach roimh an Nollaig toisc go raibh an Roinn ag tarraingt a gcuid oifigeach ar ais. Maidir leis an mbeirt a bhí le teacht nó a raibh ar an bpainéal, bhí seans ann nach mbeimis in ann iad a fháil toisc nach raibh na Ranna sásta iad a scaoileadh. Tá togha na Gaeilge acu agus, dá bharr, tá na Ranna ag iarraidh iad a choimeád. Tuigeann na Ranna cad atá ag teacht ó thaobh Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) de agus an gá atá ann gach duine a bhfuil Gaeilge acu a choimeád sna Ranna sin. Is fadhb bhunúsach í agus ba cheart dúinn í sin a thuiscint.

Baineann an rud deireanach atá le rá agam leis an mBille seo féin. Rinneadh éacht in Oifig na mBillí toisc an oiread leasuithe a cuireadh ar an mBille i dteanga amháin nó teanga eile agus bhí ar an oifig aistrú a fháil orthu. Bhí fadhb dhifriúil ann roimh an samhradh ach is é an rud a dúradh linn ná nach mbeadh an oifig sin in ann an amchlár a shroicheadh. Is daoine eile a dúirt an méid sin liom, ní Oifig na mBillí é. B’fhéidir gur chóir go mbeadh – b’fhéidir go bhfuil an ceart ag Vivian Uíbh Eachach faoi seo – i gcás ina mbeidh Bille dátheangach á ullmhú, am níos faide tugtha d’Oifig na mBillí chun déileáil leis sin. Fiú amháin dá mbeadh am breise tugtha di roimh an Nollaig, ní bheadh an t-am sin in oiriúint. Tá fadhb phróisis ann, mar a dúirt Vivian Uíbh Eachach, agus caithfidh a dhéanamh cinnte nach dtarlóidh sé sin arís.

Tá fíorbheagán Billí i nGaeilge a thagann os comhair na Dála agus is fíor-annamh a thagann aon rud dátheangach. Is í an fhadhb atá anois ann ná, nuair a chríochnóimid leis seo, cuirfear ar leataobh é agus b'fhéidir nach ndéileálfar leis an bhfadhb sin sa chóras. Caithfimid a dhéanamh cinnte de nach dtiocfaidh an fhadhb seo chun cinn amach anseo má tá aon Aire ag iarraidh reachtaíocht a fhoilsiú go dátheangach.

Mr. Peter Finnegan: Gabhaim buíochas leis an gCathaoirleach. I thank the members of the committee for inviting me here today. It has been a few years since I have been in, and over the course of that time we have made progress as an organisation in a variety of areas. We are in a better position than we were a number of years ago in the usage of Irish in the Oireachtas. We are on a journey that will take a considerable period of time, but the language scheme is very much about incremental improvements, which is what we are about. There is no shortage of commitment on our part to the promotion of Irish within the Oireachtas, which we have tried to do over recent years. The next stage in the process is to have a look at what comes back from the study we will be doing on bilingualism to see what we can take from that to advance the Oireachtas as a bilingual working environment.

I thank the joint committee also for the work it is doing. One of the things it is doing for us is to push us, which is good. We talked about targets earlier. The joint committee itself has raised both expectations and the requirement for an Irish standard, which is to its great credit. It is up to us now to try to deliver on that as a parliamentary service.

On my own behalf and on behalf of my colleagues, Mr. Uíbh Eachach, Ms Gunn, Ms Crawley and other colleagues in the service, our commitment is to work with the joint committee over the coming years to develop the whole concept of bilingualism, to create an atmosphere in the Oireachtas where Irish is welcomed and where the love we all have for the language can be fostered, and to enable those of us who have lost our language skills to get them back, we hope, in the years ahead. A very sincere thank you to everybody for their time and courtesy today and I wish the joint committee well over the coming months with its work.

Chairman: Gabhaim buíochas leis an gCléireach agus lenár n-aíonna go léir. Dá réir sin cuirfidh mé an cruinniú seo ar athló go dtí an Luan nuair a bheidh cruinniú príobháideach againn chun déileáil le riaráistí comhfhreagrais agus pleanáil do mhí Mheán Fómhair agus don fhómhar. Gabhaim buíochas freisin lenár gcomhaltaí.

Cuireadh an comhchoiste ar athló ar 2.15 p.m. *sine die*.